Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Márta 2021
(OR. en)

7334/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0059(NLE)**

CCG 17

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcinneadh atá beartaithe ag Rannpháirtithe an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil<br>- Glacadh |

1. An 12 Márta 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle "Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcinneadh atá beartaithe ag Rannpháirtithe an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil"[1]. Tá an togra seo bunaithe ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de.

[1] 7002/21 + ADD 1

2. Is é is aidhm don togra an seasamh atá le glacadh ag an Aontas Eorpach laistigh de na Rannpháirtithe sa Socrú maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil a chinneadh. Leis an gcinneadh atá beartaithe chun an tacaíocht oifigiúil a mhéadú le haghaidh costais áitiúla, cuirtear na forálacha maidir le tacaíocht costais áitiúil sa Socrú in oiriúint do phatrúin trádála agus táirgthe atá i réim. Athraíodh cinntí foinsithe na n-onnmhaireoirí de bharr slabhraí luacha domhanda agus faigheann an chuid is mó de na honnmhaireoirí soláthar anois ó thíortha éagsúla agus tá méadú ag teacht de réir a chéile ar an méid a dhéantar sin ón áit ina bhfuil an ceannaitheoir suite. Chun níos mó solúbthachta a chur ar fáil d'onnmhaireoirí an Aontais agus gur féidir straitéisí foinsithe barrfheabhsaithe a bheith ann, ba cheart an uasteorainn ar thacaíocht oifigiúil le haghaidh costais áitiúla a ardú ó 30 % go 40 % de luach an chonartha onnmhairiúcháin i dtíortha ardioncaim agus ó 30 % go 50 % de luach an chonartha onnmhairiúcháin i dtíortha meánioncaim agus ísealioncaim.

3. Tar éis barúlacha a fháil, rinneadh Airteagal 2 den Chinneadh ón gComhairle a athbhreithniú i gcomhréiteach ón Uachtaránacht[2].

4. In éagmais cruinniú den Ghrúpa mar gheall ar na srianta taistil atá ann faoi láthair, rinne na toscaireachtaí a seasaimh a mhalartú i scríbhinn maidir leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht le haghaidh Cinneadh ón gComhairle[3] agus maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh na hIarscríbhinne a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle[4] agus tháinig siad ar chomhaontú ina leith an 23 Márta 2021.

[2] WK 3929/2021 INIT
[3] WK 3929/2021 INIT
[4] 7002/21 ADD 1

5. Dá bhrí sin, moltar do Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle, mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an méid a leanas a dhéanamh

- an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcinneadh atá beartaithe ag Rannpháirtithe an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil**,** mar a chuir na saineolaithe dlí/teanga bailchríoch air, a leagtar amach in 7201/21[5] agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle**,** mar a chuir na saineolaithe dlí/teanga bailchríoch air, a leagtar amach in 7202/21[6], a ghlacadh

- Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas maidir leis an gCinneadh ón gComhairle agus an Iarscríbhinn i gcomhréir le hAirteagal 218 (10) CFAE.

---

[5] doiciméad le heisiúint
[6] doiciméad le heisiúint